# Tacú le hidirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin le linn gnáthaimh chúraim

## Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

***Aistear***

*Téamaí*: *Folláine agus Leas*, Féiniúlacht agus Muintearas, *Cumarsáid a Dhéanamh*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*

*Treoirlínte don Dea-Chleachtas*: Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lgh. 27-51)

**Caighdeáin *Síolta***

1: *Cearta an Linbh*, C1.1, 1.2, 1.3

5: *Idirghníomhaíochtaí*, C5.1, 5.2, 5.3, 5.4, 5.5

Achoimrí Taighde nasctha leis na *Caighdeáin thuas*

Breathnaítear sa leidbhileog seo ar idirghníomhaíochtaí le linn gnáthaimh chúraim agus tugtar roinnt smaointe chun iad sin a athrú ina n-eispéiris foghlama dhearfacha do naíonáin agus do lapadáin.

## Idirghníomhaíochtaí idir daoine fásta agus leanaí

Tá idirghníomhaíochtaí idir daoine fásta agus leanaí ar na gnéithe is tábhachtaí den oideachas luath-óige ar ardchaighdeán. Nuair a chaitheann tú am ag tabhairt aire do naíonáin agus do lapadáin i do ghrúpa, ag súgradh leo, agus ag labhairt leo, tá tú ag tacú leo ceangail láidre a fhorbairt. Tá ríthábhacht ag baint le cur chuige croíúil, comhbhách i dtaobh timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ina bhféadann naíonáin agus lapadáin aireachtáil idir mhuiníneach agus inniúil.

## Tábhacht na cumarsáide

Tugann naíonáin agus lapadáin do thuin chainte, do mheangadh gáire, do thadhall, agus do ghothaí gnúise faoi deara agus freagraíonn siad dóibh. Is tábhachtach mar sin de, meangadh gáire a bheith ort agus spraoi a bheith agaibh le chéile. Úsáideann naíonáin agus lapadáin corraí, comharthaí, agus gothaí gnúise le cumarsáid neamhbhriathartha a dhéanamh, agus fuaimeanna agus focail le cumarsáid bhriathartha a dhéanamh. Nuair a bhíonn tú feasach ar na leideanna sin agus nuair a fhreagraíonn tú dóibh, foghlaimíonn leanaí faoin tábhacht a bhaineann leo agus tuigeann siad go bhfuil tú ar fáil agus réidh le hidirghníomhú leo. Is le linn gnáthaimh chúraim go príomha a tharlaíonn na hidirghníomhaíochtaí dearfacha seo agus tá siad tábhachtach do gach leanbh, ach do na leanaí siúd atá 3 bliana d'aois agus níos óige go háirithe. Tá gach uile shoicind le linn na ngnáthamh sin ina deis foghlama agus forbartha.


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

## Céard atá i gceist le gnáthaimh chúraim?

Is éard atá i ngnáthaimh chúraim ócáidí intuartha a tharlaíonn arís is arís i saol an linbh a bhaineann le feidhmeanna an choirp, amhail athrú clúidín, amanna codlata, agus amanna béile. Is féidir gnáthamh intuartha a leagan amach do naíonáin agus do lapadáin le freastal ar na riachtanais atá acu i dtaca le codladh, ithe, agus athrú clúidín. Áiríonn naíonáin agus lapadáin slán sábháilte de bharr gnáthaimh agus a fhios seo acu, *Gheobhaidh mé greim le hithe nuair a bheidh ocras orm* agus *Athrófar mo chlúidín nuair is gá*. Nuair a bhíonn gnáthamh intuartha ann, bíonn a fhios ag leanaí céard atá i ndán dóibh roimh ré, agus airíonn siad slán sábháilte agus muiníneach dá bharr. Déan gnáthaimh chúraim a fhorbairt a thugann roinnt mhaith ama do na naíonáin agus do na lapadáin ceangail a fhorbairt agus comhoibriú le chéile. Dá gcuirfí deifir ar naíonáin d'fhéadfadh siad éirí cantalach, gur deacair dóibh oibriú le daoine eile, agus nach bhforbróidís na scileanna sóisialta a theastaíonn le déanamh as dóibh féin i ngrúpa.

Tugann na gnáthaimh chúraim deiseanna luachmhara le haghaidh roinnt idirghníomhaíochtaí duine le duine. Eispéiris dhearfacha is ea iad do naíonáin agus do lapadáin ach tabhairt fúthu ar bhealach a léiríonn meas don leanbh, ina ndéantar cúram díobh, ar bhonn comhpháirtíochta, agus ar luas a oireann dóibh. Breathnaímis ar shampla de ghnáthamh cúraim; athrú clúidín. Is féidir na leideanna thíos a úsáid ag amanna béile agus ag amanna codlata chomh maith.

## Gnáthamh cúraim: athrú clúidín

Amanna príobháideacha is ea na hamanna athrú clúidín agus teastaíonn do thacaíocht ó naíonáin agus ó lapadáin le teacht slán as an bpróiseas.

- **Déan iarracht fanacht go dtí go mbeidh rudaí réasúnta ciúin** sula dtabharfaidh tú faoi athrú clúidín ionas go mbeidh an leanbh sásta dul in éineacht leat agus nach mbeidh tú ag cur isteach ar an súgradh!
- **Tóg go deas réidh é agus réitigh an bealach** don leanbh trí mhíniú a thabhairt dó/di ar a bhfuil le déanamh agat le tuin bhog chainte. Mínigh gach rud sula ndéanfaidh tú é le go mbeidh a fhios ag an leanbh a bhfuil i ndán dó/di, mar shampla, *A Emma, tá sé in am do chlúidín a athrú. Ar aghaidh linn chuig an mata athraithe mar sin*. Fan go bhfeice tú an bhfaighidh tú freagra. Tabhair d'aird iomlán ar an leanbh. Más rud é go bhfuil caidreamh láidir idir tú féin agus an leanbh, déanfaidh siad meangadh gáire agus ardóidh siad a lámha. Tá lapadáin in ann siúl agus is féidir leo dreapadh ar chéimeanna as a stuaim féin. Tráth déanta caidrimh is ea é seo, seal amach ón ngrúpa, agus deis le caidrimh a dhaingniú.
- **Téigh gar go leor do naíonáin óga**, thart ar 20-30cm amach óna n-aghaidh, mar is breá le naíonáin a bheith ag breathnú ar aghaidheanna. Nuair a dhíreoidh an naíonán a s(h)úile ar d'aghaidh, is tábhachtach go bhfeicfidh sé/sí gothaí gnúise dearfacha (meangadh gáire) agus go gcloisfidh sé/sí fuaimeanna sásúla (tuin bhog chainte). Cruthófar dea-atmaisféar mar gheall air seo agus foghlaimeoidh an naíonán go dtaitníonn se leat a bheith in éineacht leis/léi, rud a chabhraíonn le féinmhuinín an linbh.
- **Labhair leis an leanbh**, agus bíodh na focail a úsáidfidh tú bainteach leis an tasc atá idir lámha agat. Téigh gar go leor do naíonáin (cabhraíonn sé sin leis an díriú airde) agus abair an rud atá tú a dhéanamh: *Táimid réidh le do chlúidín a athrú*.
- **Fan go bhfeice tú cén fhreagairt a gheobhaidh tú**. Má dhéanann an leanbh fuaimeanna nó má deir sé/sí focail, déan thusa aithris orthu. Spreagfaidh sé sin iad le tuilleadh fuaimeanna a dhéanamh, rud a thacóidh leis an bhforbairt teanga.
- **Ainmnigh gach uile chéim** agus an clúidín á athrú agat, ansin fan go dtí go bhfreagróidh sé/sí duit. Nuair a deir tú céard atá ag tarlú agus nuair a dhéanann tú meangadh gáire, cuirtear an leanbh ar a s(h)uaimhneas agus éireoidh sé/sí níos muiníní de réir a chéile dá bharr. Tacaíonn sé leis an bhforbairt teanga agus forbraíonn sé an féinmheas chomh maith.

- Is féidir le leanaí níos sine a bheith páirteach ach na ceirtíní, an t-ungadh, nó an clúidín a choinneáil duit. Is den tábhacht **a bheith neamhspleách agus scileanna féinchabhrach a fhorbairt**.
- Nuair a bheidh an clúidín athraithe, **cuir ainm air sin don leanbh** chomh maith, mar shampla,*Sin a bhfuil. Tá clúidín deas glan agat anois*.
- Fan go bhfeice tú an bhfreagróidh sé/sí duit agus an ndéanfaidh sé/sí meangadh gáire leat. Céard faoi dhinglis a chur ann/inti nó rann do pháistí a rá, mar shampla, *Timpeall is timpeall an gharraí*. Nuair a bhreathnaíonn an leanbh ar rud éigin, mar shampla, an scáthán, cuir focail leis ar nós: *A Mháire, ag breathnú ar an scáthán atá tú*. Ina dhiaidh sin, nuair a bheidh an leanbh réidh le bogadh ar aghaidh, tóg dhá mheandar le cur in iúl don leanbh go bhfuil tú réidh chun é/í a thabhairt ar ais chuig an seomra súgartha.

## Gnáthamh cúraim: amanna codlata

Lean gnáthamh simplí ag amanna codlata, a thugann am don leanbh a scíth a ligean, d'fhéadfá scéal a léamh dóibh ionas go mbeadh a fhios acu go bhfuil codladh nó scíth ar an mbealach. Nuair a dhúisíonn naíonán nó lapadán, ná déan dearmad go bhféadfadh sé go mbeadh cúpla nóiméad ag teastáil uathu le teacht chucu féin arís sula bhfillfidh siad ar an ngrúpa. Nuair a théann tú chuig an gcliabhán nó chuig an leaba le naíonán a phiocadh suas atá tar éis dúiseacht, abair Dia duit agus fiafraigh de/di *An bhfuil tú réidh le teacht ar ais agus súgradh?* Nuair a bheidh an leanbh réidh, pioc suas é/í agus tabhair barróg dó/di. Nuair a chuirfidh an leanbh in iúl, bíodh sé tríd an gcomharthaíocht choirp nó trí fhocail, go bhfuil siad réidh le filleadh ar an seomra, d'fhéadfá a insint dóibh céard atá ar siúl sa seomra agus sibh ag siúl ar ais.

## Gnáthamh cúraim: amanna béile

Suigh síos in éineacht leis an ngrúpa naíonán nó lapadán ag amanna béile agus cabhraigh leo scileanna féinchabhrach a fhorbairt, amhail spúnóg a úsáid le glasraí, torthaí a ghearradh ina slisní, nó deochanna a dhoirteadh. Bígí ag comhrá faoi na rudaí atá á n-ithe acu, faoin mblas atá orthu, faoin mothú atá ann, agus faoi na rudaí a bhí ar siúl acu. Caith am in éineacht leis na leanaí agus bainigí taitneamh as an am béile le chéile!

- Ba chóir go mbeadh aithne ag leanaí ar dhuine amháin ar a laghad i gcónaí.
- Cinntigh leis na daoine a thugann aire don naíonán, lapadán, nó leanbh óg go gcloíonn siad, oiread agus is féidir, leis na gnáthaimh agus na cuir chuige chúraim chéanna le go mbeidh a fhios ag an leanbh céard atá roimhe/roimpi.
- Tá na hamanna sroichte agus imeachta ríthábhachtach, mar sin cinntigh go mbainfidh an tEochairdhuine feidhm astu chun comhrá le tuismitheoirí, eolas a mhalartú, ábhair imní a roinnt leo, agus na naisc a chothú idir an baile agus an suíomh.
- I gcásanna áirithe bogann Eochairdhuine chuig seomra eile in éineacht lena grúpa leanaí, rud a dhéanann an t-aistriú níos éasca do chách.